Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2018
(OR. fr)

6053/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0148 (COD)**

**CODEC 178**
**CLIMA 23**
**ENV 71**
**ENER 45**
**TRANS 65**
**IND 44**
**COMPET 64**
**MI 75**
**ECOFIN 96**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú agus Cinneadh (AE) 2015/1814 **(an chéad leamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 16 Iúil 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 9 Nollaig 2015[2]. Thug Coiste na Réigiún uaidh a thuairim ar an 7 Aibreán 2016[3].

[1] 11065/15.
[2] IO C 71, 24.2.2016, lch. 57.
[3] IO C 240, 1.7.2016, lch. 62.

3. Ar an 6 Feabhra 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[1].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 63/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire ag staonadh ó vótáil;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] 5860/18.